Aonad 1: Athrú Aeráide

Tá athrú aeráide de bhun gníomhaíochta daonna ina fhadhb phráinneach dhomhanda, agus is é príomhdhúshlán comhshaoil na haoise seo. Cuireann leibhéil mhéadaithe gáis cheaptha teasa, mar shampla, an dé-ocsaíd charbóin agus an meatán, le tionchar an gháis cheaptha teasa agus déanann dochar doleigheasta don aeráid.

Is iad na foinsí is mó astuithe gáis cheaptha teasa ná iompar, táirgeadh fuinnimh, talmhaíocht, próisis tionsclaíochta agus dífhoraoisiú. Tá Éire i measc na dtíortha is airde astuithe gáis cheaptha teasa per capita san Eoraip agus ar domhan, go deimhin.

Pointe Teagaisc

Fíorfhadhb is ea athrú aeráide; is cuid den chúis sinne agus caithfimid bealaí a aimsiú go domhanda, go náisiunta, go háitiúil agus mar dhaoine aonair, chun dul i ngleic leis na cúiseanna agus leis na hiarmhairtí.

Torthaí Foghlama

Déanfaidh na daltaí na rudaí seo a leanas:

- Beidh na daltaí in ann na rudaí is mó is cúis le hathrú aeráide a aithint.
- Beidh na daltaí in ann na rudaí is mó a chuireann leis an bhfadhb in Éirinn a aithint.
- Beidh na daltaí in ann a thuiscint gur féidir cúis áitiúil agus iarmhairt dhomhanda a bheith le hathrú aeráide.
- Beidh na daltaí in ann gníomhartha áitiúla agus aonair a aithint chun déileáil leis an bhfadhb.

Gearrthóga Eco Eye Agus Cleachtaí Tuisceana

(NB. Ná déan dearmad iad a phriontáil agus a ullmhú roimh ré).

Éire agus athrú aeráide – tús eolais

Gearrthóg í seo ina gcuirtear athrú aeráide i láthair, idir chúiseanna agus iarmhairtí, agus cad tá á bheartú ag Éirinn chun déileáil leis an bhfadhb.

Iarmhairtí domhanda den athrú aeráide

Breathnaímid ar iarmhairtí den athrú aeráide in áiteanna éagsúla ar domhan atá thíos go mór leis, an Bhanglaidéis, mar shampla. Is léir gurb iad na tíortha bochta is lú atá freagrach as astuithe is mó a bheidh thíos leis an athrú aeráide.

Iarmhairtí áitiúla den athrú aeráide – Baile Átha Cliath a chosaint ar bhaol tuilte

Sa ghearrthóg seo cloisimid faoin dóigh ina dtéann athrú aeráide i gcion ar an aimsir in Éirinn; breathnaímid ar na hiarmhairtí ar leibhéal áitiúil i mBaile Átha Cliath (tuilte ar an bPort Thoir agus sa Rinn) agus cloisimid tuilleadh faoi na bearta atá á nglacadh chun an chathair a chosaint ar thuilte feasta.

Ár lorg coise carbóin a thomhas

Cad is féidir linn a dhéanamh, mar dhaoine aonair, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide? Is féidir linn ár lorg coise carbóin a thomhas, nó méid na n-astuithe CO2 a chuireann gach duine dínn amach inár saol laethiúil, trí thaisteal, trí úsáid fuinnimh agus trínár nós maireachtála. Cabhraíonn Duncan le hoibrí deonach a lorg coise carbóin a thomhas agus teacht ar bhealaí lena laghdú.

Breathnaigh ar na gearrthóga (roghnaigh an t-iomlán, no cuid acu) agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Gníomhaíochtaí

1. Ransú smaointe

Tar éis do na daltaí breathnú ar na gearrthóga agus na cleachtaí tuisceana a chríochnú, ba cheart don rang a dtuiscint ar an bhfadhb a léiriú agus a mhíniú i scríbhinn agus i bhfoirm ghrafach.

Ba cheart don mhúinteoir ceisteanna a úsáid le hiarraidh ar an rang::

- Cur síos achomair a dhéanamh ar na rudaí is mó is cúis le hathrú aeráide.
- Cur síos achomair ar na hiarmhairtí domhanda is mó agus saol daoine faoi athrú aeráide a fhiosrú maidir le daoine in áiteanna éagsúla timpeall an domhain.
- Díriú ar na bealaí ina gcuireann daoine in Éirinn leis an bhfadhb agus ar na bealaí don tír seo as seo go 50 bliain. Fiafraigh de na daltaí
    - Cad is féidir leo a dhéanamh chun gearradh siar ar a gcuid astuithe? (mar shampla, soilse a mhúchadh, siúl chun na scoile)
    - Cad iad na roghanna inbhuanaithe a d'fhéadfaidís a dhéanamh sna blianta atá romhainn:
        - 10 bliain (mar shampla, feithiclí leictreacha a cheannach)
        - 20 bliain (mar shampla, éicea-theach a cheannach)
        - 30 bliain (mar shampla, iompar, nós maireachtála, saoire)
- Is í an cheist uileghabhálach atá le cur anseo ná cad iad na cinntí a ghlacfaidh na daltaí amach anseo, lena mbainfidh iarmhairtí san fhadtréimhse (rud a chuimsíonn roghanna a bhaineann le hobair agus le nós maireachtála).

2. Obair i ngrúpaí

Déan trí roinn den rang chun léaráidí a tharraingt agus póstaeir a chruthú nó bealaí eile a úsáid chun na gnéithe seo a leanas den athrú aeráide a léiriú (mar shampla, léiriú Powerpoint, scannán gearr, alt i nuachtán).

- Roinn 1: Athrú ar aeráid agus cad is cúis leis.
- Roinn 2: Tuiscint na faidhbe agus réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a mholadh.

- Roinn 3: Ár lorg coise a thomhas le háireamhán http://cmt.epa.ie/Calculator/. Úsáid na rudaí atá foghlamtha acu chun daoine eile a spreagadh chun dul ag machnamh ar an bhfadhb.

Tabhair bileoga A3, marcóirí, pinn luaidhe daite, nó ábhair eile do na daltaí, mar is gá.

Grúpa 1 ba cheart do gach dalta píosa oibre a dhéanamh chun iarmhairt mhéadaithe gáis cheaptha teasa a léiriú agus na cúiseanna is mó atá leis. Seo roinnt ábhar a d'fhéadfadh a bheith i gceist: iarmhairt mhéadaithe gáis cheaptha teasa, foinsí gáis cheaptha teasa (CO2, meatán, NO2), ar a n-áirítear breosla iontaise a dhó agus an tionchar ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, iompar agus próisis tionsclaíochta

Grúpa 2 ba cheart do gach dalta píosa oibre a dhéanamh ina ndírítear ar iarmhairtí den athrú aeráide. Seo roinnt ábhar a d'fhéadfadh a bheith i gceist: tuilte, ardú ar leibhéal na mara, athrú aeráide, fairsingiú fásaigh agus an tionchar go háitiúil ar thalmhaíocht agus ar sholáthar uisce. D'fhéadfaí obair a rinne daltaí a úsáid mar fheachtas feasachta áitiúil sa scoil, i leabharlann áitiúil, nó in oifigí cathartha.

Grúpa 3 déanfaidh daltaí a lorg coise carbóin a ríomh ar http://cmt.epa.ie/en/calculator / agus feachtas a dhearadh chun daoine eile a spreagadh déanamh amhlaidh.

Suímh úsáideacha idirlín

- www.seai.ie
- www.seai.ie/power_of_one